# BILEOG EOLAIS MAIDIR LE FAOILEÁIN



D'fhéadfadh bia a gcaitheann daoine uathu faoileáin a mhealladh go ceantair uirbeacha. Tá sé i nádúr na bhfaoileán scroblachóireacht a dhéanamh agus fanann siad cóngarach do na ceantair ina n-aimsíonn siad bia, agus go minic cuireann siad isteach ar dhaoine agus bíonn siad ionsaitheach i leith daoine. D'fhéadfaidís a bheith níos ionsaithí nuair a chosnaíonn siad a n-óga.

## IS FÉIDIR LEAT TACAÍOCHT A THABHAIRT CHUN NACH MBEIDH DAOINE CRÁITE ACU

### RÓL CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Níl an Chomhairle freagrach as, agus níl oibleagáid reachtúil uirthi maidir le, faoileáin a rialú agus ní féidir léi tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil chun bac a chur ar fhaoileáin ná, i gcás an cheantair atá leagtha amach i mBaile Brigín, as neadacha nó uibheacha a bhaint.

Is ar mhaithe le heolas ginearálta do chónaitheoirí agus úinéirí talún i gceantar Fhine Gall atá an bhileog seo.

### CÓNAITHEOIRÍ:

- Smaoinigh ar do chomharsana agus ná meall faoileáin chuig do ghairdín agus an ceantar thart ar trí bhia a thabhairt dóibh. Ní chun leasa an fhaoileáin ár mbia a ithe. Ó nádúr itheann siad iasc sliogáin agus ainmhithe agus éisc mhara bheaga eile, uibheacha éan, feithidí agus péisteanna talún. Déanann an iomarca bia do dhaoine dochar dóibh.

- Nuair a itheann faoileáin bia a thugann daoine dóibh go rialta, déanann siad nós de bhia a ghoid agus déanann siad ciapadh ar dhaoine (páistí san áireamh) atá ag ithe taobh amuigh.

- Ná caith bruscar ná fuílleach bia i gceantair phoiblí ná taobh amuigh d'ionaid bhia – is cion é freisin agus d'fhéadfadh an Chomhairle pionós a ghearradh ort dá bharr.

- Má úsáideann tú tránna, páirceanna, áiteanna súgartha nó áiseanna eile, déan cinnte le do thoil go gcaitheann tú do bhruscar i mbosca bruscair nó go dtógann tú é abhaile leat má tá na boscaí bruscair lán nó mura bhfuil siad ar fáil.

### GNÓTHAÍ/ SCOILEANNA/ IONAID RÉADMHAOINE NEAMHCHÓNAITHE:

- Nuair a fhágann tú na boscaí bruscair amach déan cinnte nach bhfuil an iomarca bruscair iontu, go bhfuil siad dúnta mar is ceart agus nach bhfuil aon fhuílleach bia fágtha thart ar na boscaí bruscair.

- Ba cheart dramhaíl bia ar fad a chaitheamh i do bhosca bruscair donn.

- Ná fág aon mhalaí plaisteacha amach le do dhramhaíl atá i mbosca bruscair. D'fhéadfadh faoileáin na málaí a stróiceadh as a chéile agus iad sa tóir ar bhia.

- Má tá gnó miondíola bia agat, déan cinnte go bhfuil go leor boscaí bruscair ar fáil duit agus go ndéantar iad a fholmhú go rialta. Chomh maith leis sin, déan cinnte go nglantar aon láthair shuí ar an taobh amuigh go minic agus nach bhfágtar fuílleach bia ina luí thart

- Scoileanna: Má tá fadhbanna agat le faoileáin le linn an bhriste, d'fhéadfá smaoineamh ar ligean do na daltaí a mbia a ithe ar an taobh istigh sula dtéann siad amach ag spraoi.

### TÁDAS DLÍTHIÚIL FAOILEÁN

Tá sé in aghaidh an dlí faoileán a ghortú nó a mharú, nó nead ghníomhach agus aon rud a bhfuil ann a bhaint, a scriosadh nó dochar a dhéanamh dó. Cosnaíonn an dlí i Reachtaíocht/Treoracha Náisiúnta agus Eorpacha um Fhiadhúlra gach faoileán agus a neadacha gníomhacha.

Is é an faoileán scadán an faoileán is mó i gceantair uirbeacha, agus liostáiltear a stádas caomhantais mar dhearg in Éirinn mar gheall ar laghdú suntasach ar líon na n-éan a shíolraíonn.

### EISCEACHT DO BHAILE BRIGÍN

D'fhógair an tAire Tithíochta Rialtais Áitiúil agus, Oidhreachta go mbeidh Baile Brigín ina cheantar sainithe ina gceadófar neadacha nó uibheacha a bhaint mar gheall ar "Bhagairt ar Sábháilteacht Phoiblí". Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: https://www.npws.ie/legislation/eu-directives/birds-directive/eu-birds-directive-article-9-derogationsGULLS

### FAOILEÁIN AG DÉANAMH A NEIDE AR DHÍONTA

D'fhéadfadh faoileáin a dhéanann a nead ar dhíonta a bheith ina gcúis le fadhbanna cosúil le torann, prácás, salachar ar dhíonta, dochar d'fhoirgnimh srl.

De ghnáth, filleann faoileáin ar an áit chéanna gach séasúr an ghoir agus fanfaidh péire pórúcháin le chéile ar feadh an tsaoil.

Má tá tú ag iarraidh faoileáin a chur ó nead a dhéanamh ar do dhíon, tá bearta difriúla ar fáil ó chonraitheoirí speisialta cosúil le spící, sreang agus córais líontáin.

### SÁBHÁILTEACHT AR DTÚS

Ba cheart do dhaoine comhairle a fháil ó chomhlacht speisialta sula dtugtar faoi aon bheart coisc ar do réadmhaoin nó, má tá tú sa cheantar sainithe i mBaile Brigín, sula mbaineann tú neadacha nó uibheacha.

**Moltar go láidir go ndéanann conraitheoir inniúil a bhfuil taithí aige/aici aon oibreacha, conraitheoir a bhfuil an trealamh, oiliúint, taithí agus árachas ceart aige/aici don obair sin.**

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council